2025/1405

17.7.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1405 ÓN gCOIMISIÚN

an 16 Iúil 2025

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2126 a mhéid a bhaineann leis na cainníochtaí iomlána de lamháltais CTA AE a cuireadh ar ceal a fhéadfar a chur san áireamh i ndáil le comhlíonadh Ballstát áirithe faoi Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go 2030 lena rannchuidítear leis an ngníomhú ar son na haeráide agus chun gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Páras a chomhlíonadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ([1]), agus go háirithe Airteagal 4(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) 2018/842 gur féidir le Ballstáit áirithe cealú teoranta lamháltas astaíochtaí CTA AE a chur san áireamh chun Airteagal 9 den Rialachán sin a chomhlíonadh ('solúbthacht CTA').

(2) Leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2126 ón gCoimisiún ([2]) na cainníochtaí iomlána a fhéadfar a úsáid le haghaidh sholúbthacht CTA de bhun Airteagal 4(4) de Rialachán (AE) 2018/842. Cinneadh na cainníochtaí iomlána trí na céatadáin faoinar thug na Ballstáit fógra faoi Airteagal 6(3) de Rialachán (AE) 2018/842 a chur i bhfeidhm ar luachanna ríofa astaíochtaí gás ceaptha teasa 2005.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 6(3), an dara fomhír, de Rialachán (AE) 2018/842, thug an Danmhairg agus Lucsamburg fógra don Choimisiún maidir lena gcinneadh athbhreithniú a dhéanamh ar an gcéatadán ar tugadh fógra faoi roimhe sin chun cainníocht iomlán sholúbthacht CTA a chinneadh is féidir leo a úsáid i ndáil le comhlíonadh faoi Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2018/842. Dá bhrí sin, is gá leasú a dhéanamh ar an gcainníocht iomlán de lamháltais astaíochtaí CTA AE a cuireadh ar ceal, a léirítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2126, ar cainníocht í a fhéadfar a chur san áireamh i ndáil le comhlíonadh na Danmhairge agus Lucsamburg faoi Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2018/842.

(4) Na cainníochtaí iomlána de lamháltais astaíochtaí CTA AE a cuireadh ar ceal a fhéadfar a chur san áireamh i ndáil le comhlíonadh na Danmhairge agus Lucsamburg faoi Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2018/842, cinntear iad tríd an gcéatadán ar thug na Ballstáit sin fógra faoi a chur i bhfeidhm le haghaidh gach bliana sa tréimhse 2021-2030 maidir le luach a n-astaíochtaí gás ceaptha teasa ríofa le haghaidh 2005 mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2126. Na céatadáin ar thug an Danmhairg agus Lucsamburg fógra fúthu in 2024, faoi Airteagal 6(3), an dara fomhír, de Rialachán (AE) 2018/842, tá siad le cur i bhfeidhm maidir le luach ríofa astaíochtaí gás ceaptha teasa 2005 i ngach ceann de na blianta ó 2026 go 2030.

(5) An 20 Samhain 2023, cé nár thug an Ísiltír aon fhógra in 2019 faoi rún a bheith aici úsáid a bhaint as solúbthacht CTA, thug sí fógra don Choimisiún, faoi Airteagal 6(3b) de Rialachán (AE) 2018/842, go raibh sé beartaithe aici lamháltais CTA AE a chur ar ceal a chomhfhreagraíonn do 0 % den uasmhéid a shonraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin. Is iomchuí an rún sin a léiriú in Iarscríbhinn III a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2126.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2126 a leasú dá réir.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir le tuairim an Choiste um Athrú Aeráide,

([1]) IO L 156, 19.6.2018, lch. 26, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/842/oj.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2126 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2020 maidir le leithdháiltí bliantúla astaíochtaí na mBallstát a leagan amach le haghaidh na tréimhse ó 2021 go 2030 de bhun Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 426, 17.12.2020, lch. 58, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2020/2126/oj).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad Iarscríbhinn III a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2126.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Iúil 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

'IARSCRÍBHINN III

Cainníochtaí iomlána i ndiaidh laghdú ar lamháltais CTA AE a fhéadfar a chur san áireamh i ndáil le comhlíonadh Ballstát áirithe faoi Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2018/842

Ballstát	Cainníocht iomlán i dtonaí de choibhéis CO_2
an Bheilg	15 423 456
an Danmhairg	4 036 809
Éire	19 075 035
Lucsamburg	2 023 237
Málta	510 300
an Ísiltír	0
an Ostair	11 398 397
an Fhionlainn	6 887 972
an tSualainn	5 187 421'